

CLÁR OIBRE NUA

Márta - Lúnasa 2020



Glór
na nGael

Clár oibre nua Márta – Lúnasa 2020

Tá cáil ar Ghlor na nGael mar eagraíocht atá i dteagmháil leanúnach leis an bpobal, agus mar eagraíocht a leagann béim ar theagmháil pearsanta le teaghlaigh, le coistí, le clubanna CLG agus le daoine aonaracha.

Níl aon amhras ach go bhfuil an ghéarchéim reatha ag cur brú ar na bunluachanna a bhaineann le teagmháil shaibhir agus leanúnach na foirne.

Le dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le seo, tá foireann iomlán na heagraíochta tar éis clár nua oibre a aontú, a chuirfidh seirbhísí ar ard-chaighdeán ar fáil agus a bheidh úsáideach fós ag deireadh tréimhse na géarchéime seo. Tá mé buíoch d'ionchur gníomhach na foirne san obair seo.

Tá meascán maith de spriocanna oibre le léamh sa cháipéis seo, idir píosaí oibre ar líne, forbairt áiseanna nua ar nós suíomh idirlíon a bheidh dírithe ar theaghlaigh, aip do chlubanna an CLG, leabhar nua gníomhaíochta do theaghlaigh, físeáin ar shainspéiseanna éagsúla agus tuilleadh.

Is cúis bhróin dúinn go mbeidh sé riachtanach gníomhaíochtaí éagsúla a chur ar leataobh ar feadh tréimhse a leanfaidh dhá nó trí mhí.

Tá mé buíoch d'ionchur an Bhoird Stiúrtha a bheidh ag gníomhú leis an bhfoireann go leictreonach. Tá fo-choiste den Bhord Stiúrtha á bhunú, a thiocfaidh le chéile go rialta agus a dhéanfaidh monatóireacht leanúnach ar obair an fheidhmeannais.

Tá an clár oibre atá le léamh sa cháipéis seo dírithe ar thréimhse Márta go Lúnasa 2020, ar eagla go leanfaidh an ghéarchéim seo níos faide ná mar atá daoine ag súil leis.

Coinneoidh muid i dteagmháil le gach duine agus le gach grúpa a bhíonn ag plé linn, ag súil go mbeidh muid in ann tabhairt faoin gnáth obair thimireachta a luaithe agus gur féidir.

Déan teagmháil linn ar na gnáth bealaí cumarsáide má tá ceist nó moladh agat faoi obair Ghlor na nGael.

Idir an dá linn, coinnigh slán agus nigh na lámha!!

Le meas

Lorcán Mac Gabhann
Ceannasaí

Clár oibre nua Márta – Lúnasa 2020

GNÍOMH

SPRIOC DHÁTA

RÉIMSE RIARACHÁIN

Ráitis airgeadais 2019 le hullmhú	31/08/2020
Cruinnithe an Bhoird Stiúrtha, Márta 2020 agus Bealtaine	AR CEAL
FOCHOISTE 4 x cruinniú	31/08/2020
Ullmhú do CCB Meán Fómhair	31/07/2020
Bronnadh Náisiúnta a hatheagrú	30/09/2020
- Fógairt gearrliosta an Chomórtais 3ú Leibhéal	30/04/2020
- Leabhrán an bhronnta	30/07/2020
- Clár deireadh seachtaine	30/07/2020

RÉIMSE GNÓ AGUS FIONTRAÍOCHTA

Áis spraoi nua do theaghlaigh a fhorbairt	30/08/2020
Leabhrán ar Scéim Gradam Aitheantais Ghnó a aontú le FnaG, le GME, le GT, MC, CCBF & le ÚnaG ¹	30/08/2020
Cuairteanna Scoile Veain COGG	AR CEAL
Saincheardlann Áiseanna Scoile “Veain COGG” a fhorbairt ²	30/08/2020
10 X físeáin a ullmhú ar stoc leabhair bun leibhéal;	
10 x físeáin ar stoc leabhair dara leibhéal;	
Físeáin ar áiseanna do chúrsaí 3ú leibhéal ³	

1 FnaG = Foras na Gaeilge, GME = Gnó Mhaigh Eo, GT = Gael Taca, ÚnaG = Údarás na Gaeltachta, MC = Muintir Chrónáin, CCBF = Comhairle na Cathrach Bhéal Feirste

2 Forbartha ag baint leas as íomhánna atá againn cheana (nó a thógfaidh de na háiseanna más gá, muid féin), ó leaganacha leictreonacha ar fáil saor in aisce anois ó Folens, Edco, srl.

3 Eolas a roinnt ar áiseanna scoile tríd córas Webinar



Clár oibre nua Márta – Lúnasa 2020

ar lean: *RÉIMSE GNÓ AGUS FIONTRAÍOCHTA*

Sraith físeáin ar conas na cluichí spraoi atá ar fáil ar www.udar.ie a úsáid

Cluichí Ghlór na nGael

• Monopoly as Gaeilge	23/03/2020
• Scrabble as Gaeilge	25/03/2020
• Odyssey Gramadaí	30/03/2020
• Tuar Ceatha	01/04/2020
• Fios Feasa	06/04/2020
• Focal Fada	08/04/2020
• Snap litreacha, uimhreacha	13/04/2020
• Snap Contaetha	15/04/2020

Cluichí eile

• Thar Barr	30/05/2020
• Spraoi le Brí	30/05/2020
• Aistear	30/05/2020
• Imearnas Focal	30/06/2020
• Nasc	30/06/2020
• Biongó	30/06/2020

Cartlann de chrosfhocail Ghaeilge a fhorbairt agus a fhoilsiú

Crosfhocal an lae -

• 20 x Crosfhocal do pháistí	30/04/2020
• 20 x Crosfhocal do dhaoine fásta	30/04/2020
• 20 x Crosfhocal do pháistí	31/05/2020
• 20 x Crosfhocal do dhaoine fásta	31/05/2020
• 20 x Crosfhocal do pháistí	30/06/2020
• 20 x Crosfhocal do dhaoine fásta	30/06/2020
• 20 x Crosfhocal do pháistí	31/07/2020
• 20 x Crosfhocal do dhaoine fásta	31/07/2020



Clár oibre nua Márta – Lúnasa 2020

RÉIMSE FORBARTHA POBAIL

FONDÚIREACHT SHEOSAIMH MHIC DHONNCHA

Clárú Clubanna

- 169 club cláraithe 10/03/2020
- 200 club cláraithe 31/08/2020

Seisiún eolais dea-chleachtais x 2
Ar líne do chlubanna

20/06/2020

Pleananna bunúsacha teanga

Suirbhé ar-líne ar úsáid na Gaeilge i measc 100 clubanna CLG & pleananna gníomhaíochta a aontú leo de réir:

- 20 clubanna 30/04/2020
- 20 clubanna 31/05/2020
- 30 clubanna 30/06/2020
- 30 clubanna 31/07/2020

Iomlán: 100 clubanna

AIP eolais do FSMhicD a fhorbairt

30/07/2020

- Eolas ar FSMD - Clárú, Gníomhaíochtaí, srl
- Nuacht - scéaltaí nuachta ábhartha do chlubanna FSMD
- Scileanna - eolas i bhfoirm grafaicí, físeáin agus téacs ar scileanna na gcluichí trí Ghaeilge
- An Ghaeilge agus an Club - rannóg ina mbeidh eolas ar na háiseanna atá ar fáil fud fad an idirlín don chlub, eolas ar na heagraíochtaí Gaeilge, na tacaíochtaí atá ar fáil, deontais, srl
- Fuaim - áiseanna fuaime, mar shampla, agallamh a rinne Mícheál Ó Muircheartaigh faoin Ghaeilge sa CLG, Podchraoladh oifigiúil an CLG ‘An Spota Dubh’, caint a thug Eoin Mac Donncha faoin Fhondúireacht agus go leor eile
- Físeáin - Cainéal iomlán físeáin ábhartha do chlubanna FSMD - físeáin ar scileanna, téarmaíocht, druileanna, srl. trí Ghaeilge
- Téarmaíocht - liostaí cuimsitheacha téarmaíochta mar a bhaineann sé leis na gcluichí, spórt agus saol an chlub. Déanfar iarracht leaganacha sna gcanúintí éagsúla a chur ar fáil
- Le híoslódáil - Áiseanna le híoslódáil - póstaer, áiseanna teagaisc, áiseanna traenála, srl
- Féilire agus Réamhfhógraí - Cuirfear réamhfhógraí chuig úsáideoirí ar dhátaí don scéim deontais, fóraim clubanna, ócáidí agus imeachtaí, spriocdhátaí chlárucháin, srl



Clár oibre nua Márta – Lúnasa 2020

ar lean: *RÉIMSE FORBARTHA POBAL*

Clár corpoideachais a chraoladh mar fhíseáin

- ceann gach dara lá

- | | |
|-----------|------------|
| • 12 clár | 30/04/2020 |
| • 12 clár | 31/05/2020 |
| • 12 clár | 30/06/2020 |
| • 12 clár | 31/07/2020 |
| • 12 clár | 30/08/2020 |

GRÚPAÍ POBAIL

CÉIMEANNA

- | | |
|-----------------------|------------|
| • 10 coiste cláraithe | 19/03/2020 |
| • 14 coiste cláraithe | 30/04/2020 |

Comórtas Ghlór na nGael

- | | |
|-------------------------|------------|
| • 8 x coiste cláraithe | 19/03/2020 |
| • 20 x coiste cláraithe | 30/04/2020 |

Tuairiscí iarmholtóireachta 2019

- | | |
|--|------------|
| • 40 Tuairisc mholtóireachta roinnte agus a phlé le coistí | 30/04/2020 |
|--|------------|



Clár oibre nua Márta – Lúnasa 2020

RÉIMSE FORBARTHA TEAGHLAIGH

Leabhar gníomhaíochtaí do theaghlaigh a fhoilsiú 30/06/2020

Tá clár d'imeachtaí gníomhaíochtaí fíorúla á fhorbairt, agus a chuirfear i bhfeidhm ón Luan 23/03/2020 go 30/08/2020

Forbrófar agus foilseofar 135 imeacht ar Facebook, cúig cinn in aghaidh na seachtaine, thar an 27 seachtaine ar na téamaí seo a leanas:

Lá	Gníomh
Luan	Gníomh Ceardaíochta / Ealaíne do pháistí óga
Máirt	Meascán de rudaí - Cócaireacht & Oidis, Ceol agus Eile a roinnt i bhfoirm doiciméid/comhaid/íomhánna
Céadaoin	Scéal nó Dán a roinnt / Scéal nó dán a léamh & físeán de a roinnt
Déardaoin	Crosfhocal nó Puzal nó Tráth na gCeist nó cluiche déagóirí
Aoine	Gníomh Taobh amuigh An t-eolas uilig ón seachtain a bhailiú le chéile agus a chur i nuachtlitir le scaipeadh ar Mailchimp

Cuirfear stóras de na gníomhaíochta fíorúla seo ar fáil ar an www.teangati.ie nuair a bheidh an suíomh sin beo.

www.teangati.ie -

(ardán nua do theaghlaigh atá ag tógáil clann le Gaeilge) 31/05/2020

Ábhar nua oiriúnach curtha in airde 30/04/2020

Profáil déanta ar an ábhar nua 15/05/2020

Seoladh bog an tsuímh 31/05/2020

Clár oibre nua Márta – Lúnasa 2020

ar lean: *RÉIMSE FORBARTHA TEAGHLAIGH*

17 x Nuachtlitir do Teaghlaigh	30/08/2020
Cartlann d'ábhair le hullmhú don nuachtlitir	
• 4 ailt nua	30/04/2020
• 4 ailt nua	31/05/2020
• 4 ailt nua	30/06/2020
• 4 ailt nua	31/07/2020
Taighde ar líon agus láthair teaghlaigh	
Taighde ar líon agus ar láthair na dteaghlach atá ag tógáil clainne le Gaeilge sa tír i gcomhar le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge	31/07/2020
Grúpaí Teanga Tí ó mhí Eanáir	30/08/2020
28 grúpaí TT cláraithe sa scoilphobail	
13 grúpaí TT cláraithe sa phobal Timireacht chuairt bhunaithe	AR CEAL
Eagrú deireadh seachtaine - ó dheas	AR CEAL
Comhairle rialta laethúil faoi áiseanna agus scéimeanna éagsúla	Go leanúnach
Deireadh Seachtaine Náisiúnta na dTeaghlaigh Le Cumann na bhFiann	AR CEAL
Imeachtaí do líonraí pobal bhunaithe	AR CEAL
Beidh eolas/comhairle faoi acmhainní á roinnt ar na líonraí go leictreonach ar bhonn seachtainiúil.	
Scoil Deis	30/07/2020
Scéim saibhriú teanga do scoil DEIS ⁴	
Eagrú deireadh seachtaine - ó thuaidh	AR CEAL

⁴ 4 Seachtain imeachtaí i mí Iúil le grúpa Teanga Tí i scoilphobal Scoil Deis ina mbeidh saibhriú teanga á dhéanamh trí gníomhaíochtaí spórtúil, ealaíne agus liteartha a shuibhreoidh cumas labhartha Gaeilge na rannpháirtithe.



Clár oibre nua Márta – Lúnasa 2020

Acmhainní Daonna agus Cumarsáide

Salesforce (SF): An córas a oiriúnú do riachtanais úra	30/03/2020
Treoir ar Mheabharshláinte ullmhaithe & roinnte ar an bhfoireann	30/03/2020
Tuairisciú Ráithe Fhoras na Gaeilge	30/03/2020
Tuairisciú Ráithe Roinn na Gaeltacha	15/04/2020
Oiliúint a chur ar an bhfoireann bunaithe ar nuashonrú SF	10/04/2020
Treoir ar Obair ón mBaile ullmhaithe & roinnte ar an bhfoireann	10/04/2020
5 x teimpléid d'fhíseáin &/nó cáipéisí acmhainní do theaghlaigh a ullmhú	10/04/2020
Cumarsáid/Poiblíocht Seoladh Pleananna Teanga Clubanna CLG	30/06/2020
Cumarsáid/Poiblíocht Seoladh App FSMD	30/07/2020
Cumarsáid/Poiblíocht Seoladh Leabhair Siamsaíochta	30/06/2020
Tuairisciú Ráithe Fhoras na Gaeilge	30/06/2020
Oiliúint (fíorúil) do OF Rannóg teaghlaigh ar ullmhú acmhainní	31/07/2020
Polasaí Timpeallachta ullmhaithe, pléite & aontaithe leis an bhfoireann	31/07/2020
26 x teachtaireacht cumarsáide seachtainiúil a roinnt ar Choistí & Grúpaí eile ar obair na heagraíochta	28/08/2020
26 x postáil seachtainiúil ar ár ardáin meáin shóisialta éagsúla - Facebook, Twitter, Instagram:	28/08/2020
24 ⁵ mír físeáin seachtainiúil d'acmhainní do theaghlaigh	28/08/2020
Pacáistiú ábhar ó Oifigigh Forbartha na Rannóige Teaghlaigh	
Acmhainní do theaghlaigh - Acmhainní curtha ar fáil ar www.teangati.ie	28/08/2020
Cruinniú neamhfhoirmeálta acmhainní daonna ar líne déanta le gach ball foirne (ar mhian leo ceann)	28/08/2020

